





## An Fiosraitheoir

### Tasc 1

Is fearr le Líosa ceol. Cad é an t-ábhar is fearr leat féin ar scoil? Cén fáth?

### Tasc 2

Is uirlis cheoil í an fheadóg stáin. Ainmnigh 5 uirlis cheoil eile.

Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

20 Mé Féin

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Mé Féin

# Mé Féin

Dia duit. Is mise Líosa agus is cailín óg mé. Tá mé 7 mbliana d'aois. Is duine cineálta mé. Bím i gcónaí ag cuidiú le mo mhamaí. Tá deartháir agam. Tá sé 9 mbliana d'aois. Bíonn sé deas liom in amanna. Bíonn sé ag troid liom sa bhaile ó am go ham fosta. Níl deirfiúr agam.

Tá mé i Rang 4 anois. Is maith liom bheith ar scoil. Tá cairde agam ar scoil. Bíonn muid ag súgradh le chéile. Is maith liom na ranganna mata. Tá mé ábalta cuntas a dhéanamh anois. Is fearr liom na ranganna ceoil. Tá mé ábalta an **fheadóg stáin** a sheinm. Ní maith liom an spórt.

Fuair mé duais ar scoil inné. Thug an múinteoir **bonn** dom. Bhí mé iontach sásta ar fad. Bhí mo mhamaí iontach bródúil asam. Chuir mé an bonn ar an tseilf sa tseomra suí. Tá gach duine ábalta é a fheiceáil anois!



# Ceisteanna

1. **Tá Líosa cineálta mar bíonn sí:**
   (a) ag cur isteach ar a mamaí.
   (b) ag cuidiú lena mamaí.
   (c) ag caint lena mamaí.

2. **Cá mhéad deirfiúr atá ag Líosa?**
   (a) Níl deirfiúr ar bith aici
   (b) Tá deirfiúr amháin aici
   (c) Tá beirt deirfiúracha aici

3. **Cé acu atá fíor?**
   (a) Tá dúil ag Líosa sa scoil
   (b) Níl dúil ar bith ag Líosa sa scoil
   (c) Is fuath le Líosa an scoil

4. **Bíonn Líosa ag seinm ar an fheadóg stáin:**
   (a) sa rang ceoil.
   (b) sa rang drámaíochta.
   (c) sa chlós.

5. **Cén fáth a raibh Líosa an-sásta ar scoil inné?**
   (a) Bhain sí duais ar scoil
   (b) Bhí lón blasta aici
   (c) Chonaic sí a múinteoir

6. **Chuir Líosa an bonn ar an tseilf mar:**
   (a) ba mhaith léi é a choinneáil slán sábháilte.
   (b) ba mhaith léi é a thaispeáint do dhaoine.
   (c) ní maith léi é.